

## Ar Scoil



Chuaigh Tomás ar scoil ar maidin. D'oscail sé an doras agus shiúil sé isteach sa scoil. Chuir sé a chóta i seomra na gcótaí. Shuigh sé ar chathaoir bheag. Chuir sé a mhála ar an mbord. Bhí cúigear ag an mbord. Bhí siad ag caint lena chéile. Ansin tháinig an múinteoir isteach. Scríobh sé ar an gclár dubh. Thóg Tomás peann luaidhe as a mhála. Fuair sé cóipleabhar sa chófra. Thosaigh sé ag scríobh.

### Foclóir:

seomra na gcótaí, cloakroom  
cúigear, five (people)  
cófra, press

### A. Líon isteach na bearnaí:

d'os—ail sé, shi—il sé, cúige—r, múi—teoir, ar an gcl—r dubh,  
cóip—eabhar, tho—aigh sé.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. D'oscail sé an d—.
2. Chuir sé a chóta i seomra na g—.
3. Bhí cúigear ag an m—.
4. Ansin tháinig an m— isteach.
5. Thosaigh sé ag s—.

### C. Déan abairtí díobh seo:

1. sé, ar chathaoir bheag, shuigh.
2. lena chéile, bhí, ag caint, siad.
3. sa chófra, sé, cóipleabhar, fuair.
4. ag scríobh, sé, thosaigh.

### D. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé a chuaigh ar scoil ar maidin?  
—Úna.  
—Seán.  
—Tomás.
2. Cad a chuir sé ar an mbord?  
—a chóta.  
—a hata.  
—a mhála.
3. Cé a scríobh ar an gclár dubh?  
—an múinteoir.  
—Tomás.  
—Nóra.
4. Céard a fuair sé sa chófra?  
—bosca.  
—cóipleabhar.  
—mála.

### Gramadach 3

- (i) Foghlaim: liom  
leat  
leis  
léi

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Bhí tú ar scoil. Bhí an múinteoir ag caint leat.

1. Bhí Tomás ar scoil. Bhí an múinteoir ag caint —.
2. Bhí mé ar scoil. Bhí an múinteoir ag caint —.
3. Bhí Úna ar scoil. Bhí an múinteoir ag caint —.

- (ii) Foghlaim: duine      ceathrar  
beirt      cúigear  
triúr      seisear

### Scríobh isteach an focal ceart:

**Sampla:** Bhí cúigear ag an mbord. (5)

1. Bhí — ag an mbord. (4)
2. Bhí — ag an mbord. (6)
3. Bhí — ag an mbord. (3)

### (iii) Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Thóg Tomás peann luaidhe as a mhála.

1. Thóg mé peann luaidhe as — —.
2. Thóg sí peann luaidhe as — —.
3. Thóg tú peann luaidhe as — —.